Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

# Straitéis Taighde

2026 go 2030

Mí na Nollag 2025

www.erc.ie

# Brollach

Tá an-áthas orm an Straitéis Taighde seo a chur i láthair, ina leagtar amach tosaíochtaí taighde an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO) agus na spriocanna a threoróidh sinn sna blianta amach romhainn. Léiríonn an straitéis seo ár dtiomantas le fada don sármhaitheas i dtaighde agus i measúnú oideachais, agus ár n-ullmhacht chun oiriúnú agus freagairt do riachtanais agus deiseanna taighde atá ag teacht chun cinn. Le linn tréimhse na straitéise seo, beidh sé mar aidhm againn taighde agus seirbhísí measúnaithe ardchaighdeáin agus éifeachtúla a chur ar fáil a sholáthraíonn léargais thráthúla, a chuireann eolas chun cinn, a thacaíonn le nuálaíocht, agus a chothaíonn ár gcáil mar údarás ceannródaíoch sa réimse.

Tagann an straitéis seo ag tréimhse ina bhfuil an FTO ag athrú go suntasach agus, de réir mar a leathnaíonn an eagraíocht agus mar a athraíonn riachtanais taighde, tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfaidh ár nósanna imeachta agus ár bpróisis ag forbairt freisin. Trí oiliúint spriocdhírithe, forbairt scileanna agus deiseanna comhoibrithe, cinnteoimid go bhfanfaidh an FTO chun tosaigh ar thaighde agus ar mheasúnú oideachais.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, John Regan, leis an bhfoireann go léir ar fud na heagraíochta, le Bord an FTO agus le comhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Óige as a gcuid ionchuir luachmhara a bhí mar bhonn eolais agus a chuidigh le múnlú na straitéise seo.

Rachel Perkins

Dr Rachel Perkins, Ceann Taighde

# Réamhrá

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) sa bhliain 1966 agus bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil ainmnithe de chuid na Roinne Oideachais agus Óige faoi alt 54 den Acht Oideachais (1998) sa bhliain 2015.

Tá cuspóir na heagraíochta leagtha amach in Ordú Bunaithe (SI 392/2015) an FTO mar seo a leanas:

- Seirbhís tacaíochta measúnaithe a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais a chuirfidh ar a gcumas a n-oibleagáidí faoi Alt 9 den Acht Oideachais 1998 a chomhlíonadh;
  agus
- Taighde neamhspleách a dhéanamh ar gach gné den oideachas agus ar gach leibhéal den chóras oideachais lena n-áirítear taighde oideachais a bheidh mar bhonn eolais do cheapadh beartais agus do fheabhsú caighdeán oideachais.

Comhlíonann an FTO an cuspóir seo faoi láthair trí roinnt gníomhaíochtaí, is iad sin riaradh **staidéir mhórscála ar ghnóthachtáil**, measúnú ar thorthaí clár trí **staidéir monatóireachta agus meastóireachta**, soláthar **anailíse sonraí agus tacaíochta taighde** do chláir shonracha de chuid na Roinne Oideachais agus Óige, mar aon le comhlachtaí oideachais eile, agus **forbairt trialacha caighdeánaithe agus tagartha de réir critéir** lena n-úsáid le daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn. Tá tuilleadh eolais faoi na gníomhaíochtaí seo leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2025-2030 an FTO  https://www.erc.ie/about/about-the-erc/strategic-plan/.

# Treoirphrionsabail

I bplean straitéiseach 2025 – 2030 an FTO leagtar amach ár luachanna, a fheidhmíonn mar bhunchloch do na prionsabail a threoróidh ár gcuid oibre le linn na tréimhse seo.

| Luachanna | Straitéis Taighde - Treoirphrionsabail |
|---|---|
| **Cáilíocht** - Táimid tiomanta do shármhaitheas. Cinntímid go bhfuil ár dtaighde críochnúil, cruinn agus iontaofa. | Déanfaimid ár ndícheall na caighdeáin cháilíochta sonraí is airde a bhaint amach inár gcuid staidéir uile. |
| | Úsáidfimid modheolaíochtaí agus anailísí atá ailínithe le dea-chleachtais. |
| | Cuirfimid deiseanna oiliúna agus foghlama ábhartha ar fáil don fhoireann. |
| **Tionchar** - Tá sé mar aidhm againn difríocht mhór a dhéanamh lenár dtaighde. Teastaíonn uainn go dtacóidh ár gcuid oibre le lucht déanta polasaí agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do dhíospóireacht phoiblí. | Foilseoimid torthaí go tráthúil i bhfoirmeacha inrochtana do lucht déanta beartas agus do pháirtithe leasmhara. |
| | Feabhsóimid ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ár n-iarrachtaí ar thaighde a scaipeadh chun fáil ar ár dtaighde a uasmhéadú, lena n-áirítear trí chomhdhálacha, na meáin agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara. |
| | Déanfaimid sonraí staidéir inrochtana i gcomhréir leis an Treoir um Shonraí Oscailte agus leis an Acht um Rialachas Sonraí. |
| **Neamhspleáchas** - Déanaimid taighde agus tuairiscímid torthaí go hionraic, go neamhchlaonta, agus gan tionchar míchuí, ag cinntiú creidiúnacht agus iontaofacht ár gcuid oibre. | Déanfaimid agus scaipfimid ár gcuid oibre go hionraic, go macánta agus go trédhearcach. |
| | Bunóimid Téarmaí Tagartha soiléire do gach ceann dár dtionscadail taighde, ina gcinnteofar neamhspleáchas na dtaighdeoirí. |
| | Tacóimid le taighdeoirí an FTO chun a dtaighde a roinnt trí imeachtaí FTO, irisí acadúla, comhdhálacha agus bealaí eile. |
| **Meas** - Tá meas againn ar dhearcthaí, ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla, agus léirímid dínit, cineáltas agus tuiscint don uile dhuine i dtimpeallacht chuimsitheach agus ómósach. | Cuirfimid faisnéis shoiléir agus chuí ar fáil do rannpháirtithe chun tacú le cinnteoireacht eolach faoina rannpháirtíocht inár dtaighde. |
| | Cinnteoimid iompar eiticiúil inár dtaighde agus déanfaimid dochar féideartha do rannpháirtithe taighde a íoslaghdú agus a mhaolú agus cuirfear an rúndacht is déine i bhfeidhm maidir le láimhseáil a gcuid faisnéise. |
| | Déanfaimid prionsabail na cuimsitheachta a leabú agus a chur i bhfeidhm inár bpróisis taighde. |

| | |
|---|---|
| **Obair bhuíne** - Comhoibrímid le daoine eile, ag cothú cultúr cumarsáide oscailte agus comhthacaíochta inár gcuid oibre. | Spreagfaimid comhoibriú laistigh de bhuíonta agus idir buíonta san FTO mar aon le páirtithe leasmhara agus taighdeoirí seachtracha. |

# Tosaíochtaí taighde

Agus ár dtaighde á dhéanamh againn, tugaimid aird ar príomhdhoiciméid beartais agus straitéise chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre de réir agus ag freagairt do shaincheisteanna beartais phoiblí ardtosaíochta. Áirítear i measc na ndoiciméad straitéise agus beartais a ndearnadh tagairt dóibh agus an straitéis taighde seo á hullmhú:

- Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Óige 2025 – 2028.
- Plean Oideachais na Roinne Oideachais agus Óige 2025.
- Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití 2024 – 2033.
- Ráiteas Beartais Oideachais ETIM 2017 – 2026.
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027.
- Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais 2018 – 2023.
- Straitéis Oideachais don Lucht Taistil agus do na Romach 2024 – 2030.
- Plean DEIS 2017.
- Beartas don Oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge i Scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla 2025 – 2027.
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030.
- Clár an Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú.

Ag eascairt as na doiciméid seo, is iad na tosaíochtaí do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha trialacha an FTO sa tréimhse 2026 go 2030 ná ionstraimí, sonraí agus léargais a sholáthar maidir le:

- Feabhas a chur ar thorthaí litearthachta, uimhearthachta, litearthachta digiteach agus ETIM, chomh maith le torthaí níos leithne, lena n-áirítear folláine daltaí agus múinteoirí;
- Tacú le múineadh, foghlaim agus measúnú na Gaeilge do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon;

- Eispéiris foghlama na bhfoghlaimeoirí uile a fheabhsú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus daltaí imirceacha, chomh maith le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise tacaíochta nó riachtanais speisialta oideachais acu; agus
- Tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le foghlaim a leanaí.

Tabharfaidh an FTO faoi ghníomhaíochtaí taighde nua agus beidh a thaighdeoirí ailínithe leis na tosaíochtaí taighde atá leagtha amach thuas agus déanfar iad i gcomhréir le Straitéis Taighde 2026-2030 an FTO agus Plean Straitéiseach 2025-2030 an FTO. Tuigeann an FTO freisin go bhféadfadh taighdeoirí, ina gcuid ama féin, tabhairt faoi obair thaighde-ábhartha lasmuigh de scóip ghníomhaíochtaí an FTO, agus léirítear meas ar a leithéid.

Beidh an FTO airdeallach freisin maidir le téamaí atá ag teacht chun cinn san oideachas agus an chaoi is fearr is féidir aghaidh a thabhairt orthu seo trí thaighde oideachais. Cabhróidh feasacht leanúnach ar fhorbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena chinntiú go bhfanfaidh obair an Fhorais ábhartha don chomhthéacs oideachais atá ag teacht chun cinn agus cuirfidh an FTO iad seo san áireamh nuair a bhíonn a thosaíochtaí taighde á gcur le chéile.

Aithnítear freisin an ról tábhachtach a bhaineann le hobair óige agus seirbhísí óige i bhforbairt agus in oideachas leanaí agus daoine óga, mar aon leis an ngá atá le bonn fianaise láidir chun beartas sa réimse seo a threorú. Beidh an FTO ag plé leis an Roinn Oideachais agus Óige thar thréimhse na straitéise seo maidir lena riachtanais taighde agus meastóireachta sa réimse seo.

# Ár gcuid oibre sa tréimhse 2026 go 2030

Sa straitéis taighde leagtar amach tosaíochtaí taighde an FTO don tréimhse 2026 go 2030. Le linn na tréimhse seo, beidh an FTO gafa le roinnt measúnuithe mórscála idirnáisiúnta agus náisiúnta, le clár forbartha tástála, agus le gníomhaíochtaí eile anailíse sonraí agus tacaíochta taighde. Leagtar amach sa chuid seo príomhréimsí oibre an FTO le linn théarma na straitéise seo.

## Measúnuithe mórscála ar ghnóthachtáil

Riarfaidh an FTO ceithre staidéar mórscála ar ghnóthachtáil thar ceann na Roinne Oideachais agus Óige sa tréimhse 2026 go 2030. Tá cur síos orthu seo thíos.

- **Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta (PIRLS)** – is staidéar de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta um Mheasúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA) é seo a dhéanann measúnú ar léitheoireacht dhaltaí sa cheathrú grád (Rang a Ceathair in Éirinn). Rinneadh é gach cúig bliana ó 2001 i leith agus beidh 61 córas oideachais páirteach sa staidéar in 2026, a bheidh ina mheasúnú lán-dhigiteach. Chuir an FTO PIRLS i bhfeidhm in Éirinn i dtimthriallta 2011, 2016 agus 2021 den staidéar agus baileofar sonraí don chéad timthriall eile i sampla ionadaíoch de dhaltaí Rang a Ceathair in earrach na bliana 2026. De réir mar a aistríonn Éire chuig an measúnú digiteach in 2026, glacfaimid páirt freisin i staidéar comparáide náisiúnta ina ndéanfar comparáid idir formáidí na dtorthaí digiteacha agus páipéir.
- **Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS)** – is staidéar de chuid an IEA é seo a dhéanann measúnú ar mhatamaitic agus ar eolaíocht sa cheathrú agus san ochtú grád (Rang a Ceathair agus an Dara Bliain, in Éirinn). Rinneadh an staidéar den chéad uair i 1995 agus tá sé á athdhéanamh gach ceithre bliana ó shin. Chuir an FTO an staidéar i bhfeidhm in Éirinn i 1995 agus i ngach timthriall ó 2011 ar aghaidh. Déanfar an chéad timthriall eile den staidéar a riaradh san earrach 2027 i samplaí ionadaíocha de dhaltaí Rang a Ceathair agus an Dara Bliain.
- **Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (NAMER)** – déanfar measúnú ar an dá réimse seo i samplaí ionadaíocha de dhaltaí Rang a Dó agus Rang a Sé san earrach 2028. Tá measúnuithe náisiúnta ar léitheoireacht Bhéarla agus ar mhatamaitic á ndéanamh ag an FTO i scoileanna in Éirinn ó 1972 agus 1977, faoi seach, agus cuireadh in éineacht iad i gclár measúnaithe amháin (i.e., NAMER) in 2009. Ó shin i leith, rinne an FTO NAMER a reáchtáil in 2014 agus 2021. Táthar ag súil go leanfaidh NAMER ar mhinicíocht cúig bliana feasta.

- **Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí (PISA)** – is staidéar de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) é seo a dhéanann measúnú ar léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht i measc scoláirí 15 bliana d'aois. Rinneadh an staidéar gach trí bliana ó 2000 i leith, seachas timthriall 2021 a raibh moill air mar gheall ar phaindéim COVID-19. I ngach timthriall, bíonn réimse amháin ina phríomhfhócas don mheasúnú agus ní chuirtear an oiread béime ar an dá réimse eile i dtuairisciú na dtorthaí. Cuimsíonn gach timthriall réimse nuálach freisin a dhéanann measúnú ar ghnéithe de scileanna an 21ú haois ag daltaí. Foilseoidh an FTO torthaí na hÉireann do PISA 2025 i mí Mheán Fómhair 2026 agus díreoidh siad ar an eolaíocht mar phríomhréimse an mheasúnaithe, lena n-áirítear scála nua a dhéanann measúnú ar eolaíocht chomhshaoil. Foilseoidh an FTO torthaí na hÉireann den réimse nuálach, Foghlaim sa Domhan Digiteach, freisin, a dhéanann measúnú ar smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus ar fhoghlaim féinrialaithe daltaí. Athróidh PISA go minicíocht ceithre bliana tar éis thimthriall 2025, agus beidh an chéad thimthriall eile ar siúl in earrach 2029 le sampla ionadaíoch de dhaltaí 15 bliana d’aois in Éirinn. Mar aon le measúnú a dhéanamh ar léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht, áireofar i dtimthriall 2029 measúnú ar Litearthacht na Meán agus ar Litearthacht IS na ndaltaí.

Tugann NAMER léargas ar scileanna léitheoireachta Béarla agus matamaitice daltaí in Éirinn mar a bhaineann le curaclam bunscoile na hÉireann. Cuireann PIRLS agus TIMSS tagarmharcanna idirnáisiúnta ar fáil don léitheoireacht agus don mhatamaitic, faoi seach, ag an leibhéal bunscoile, agus don eolaíocht i gcás TIMSS. Cé go soláthraíonn TIMSS agus PISA tagarmharcanna idirnáisiúnta sna réimsí seo ag an leibhéal iar-bhunscoile, díríonn PISA go háirithe ar an gcaoi a bhféadann daltaí leas a bhaint as a gcuid eolais agus scileanna do thascanna ‘fíorshaoil’. Le chéile, cuireann na staidéir seo sonraí luachmhara ar fáil ar scileanna agus eolas daltaí ar fud na leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile ar féidir bonn eolais a sholáthar d’fhorbairt beartais agus curaclaim.

Tá sé mar aidhm ag na staidéir mhórscála ar ghnóthachtáil sonraí a ghiniúint a chruthaíonn deis conclúidí bailí náisiúnta agus trasnáisiúnta a dhéanamh agus, dá bhrí sin, treoraíonn dian-chaighdeáin theicniúla a gcuid riarachán. De ghnáth, tarlaíonn siad ar thimthriall ceithre nó cúig bliana agus go hiondúil tógann sé cúig

bliana timthriall de na staidéir seo a chur i gcrích, lena n-áirítear forbairt creata agus míreanna, tástáil phíolótach agus trialach allamuigh, bailiú príomhshonraí, tuairisciú ar thorthaí tosaigh agus tuairisciú mionsonraithe leantach. Is iad seo a leanas na hamlínte do thimthriallta gníomhacha na staidéar seo le linn na straitéise seo:

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|
| PISA 2025 | Tuairisciú tosaigh | Tuairisciú téamach | | | |
| PIRLS 2026 | Príomh-bhailiúchán sonraí | Tuairisciú tosaigh | Tuairisciú téamach | | |
| TIMSS 2027 | Obair allamuigh | Príomh bhailiúchán sonraí | Tuairisciú tosaigh | Tuairisciú téamach | |
| NAMER 2028 | Ullmhú an tsuirbhé | Obair allamuigh | Príomh-bhailiúchán sonraí | Tuairisciú tosaigh | Tuairisciú téamach |
| PISA 2029 | Forbairt agus pleanáil | Ullmhú an tsuirbhé | Obair allamuigh | | Tuairisciú tosaigh |

Maidir le gach ceann de na staidéir mhórscála a riarann an FTO, go hiondúil déantar na torthaí tosaigh, a dhíríonn ar chur síos ar na leibhéil ghnóthachtála sna réimsí measúnaithe, a thuairisciú sa bhliain tar éis bhailiú na sonraí. Maidir leis na staidéar idirnáisiúnta, tarlaíonn foilsiú na dtuarascálacha náisiúnta tosaigh ag an am céanna leis an tuairisciú idirnáisiúnta. Mar ghnáthnós, scrúdaíonn tuairisciú tosaigh torthaí gnóthachtála i bhfoghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear de réir inscne, stádas DEIS na scoile agus cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí.

I ngach bliain ó 2026 go 2030, foilseoidh an FTO torthaí nua i réimsí na léitheoireachta Béarla, na matamaitice agus/nó na gnóthachtála san eolaíocht:

| Bliain tuairicithe | Staidéar | Aois Rang-ghrúpa | Réimsí measúnaithe |
|---|---|---|---|
| 2026 | PISA 2025 | Daltaí 15-bliana d'aois | Léitheoireacht, Matamaitic, Eolaíocht (lena n-áirítear, eolaíocht chomhshaoil), Foghlaim sa Domhan Digiteach |
| 2027 | PIRLS 2026 | Rang a Ceathair | Léitheoireacht |
| 2028 | TIMSS 2027 | Rang a Ceathair agus Bliain a Dó | Matamaitic agus Eolaíocht (lena n-áirítear, eolaíocht chomhshaoil) |
| 2029 | NAMER 2028 | Rang a Dó agus Rang a Sé | Léitheoireacht agus Matamaitic |
| 2030 | PISA 2029 | Daltaí 15-bliana d'aois | Léitheoireacht, Matamaitic, Eolaíocht, Litearthacht sna Meáin agus IS* |

* D'fhéadfaí torthaí Litearthachta sna Meáin agus IS a thuairisciú níos déanaí ná mar a dhéanfar do na réimsí eile.

Bailíonn na staidéir mhórscála seo ar ghnóthachtáil méideanna móra sonraí freisin trí cheistneoirí daltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus/nó scoile. Baintear leas as na sonraí seo sa tuairisciú leantach ar na sonraí agus is minic a áirítear scrúdú ar thosca daltaí, baile, seomra ranga agus/nó scoile bainteach le gnóthachtáil sna réimsí measúnaithe. Is minic a ullmhaítear agus a fhoilsítear na tuarascálacha téamacha breise seo nuair a bhítear ag ullmhú don chéad timthriall eile de staidéar. Forbraítear agus comhaontaítear pleananna tuairiscithe do gach staidéar leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta a threoraíonn cur i bhfeidhm gach staidéir.

## Gníomhaíochtaí forbartha trialacha

Tá an FTO tiomanta do bhearta foghlama daltaí atá iontaofa, bailí agus cothroma a sholáthar do gach scoil in Éirinn agus leanfar ag obair leis an Roinn Oideachais agus Óige agus lenár bpáirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcomhlíonann ár gclár forbartha trialacha riachtanais scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí. Chun ionadaíocht chothrom ar fhoghlaim daltaí a choinneáil agus chun a chinntiú go bhfuil

rochtain ag scoileanna ar na noirm le déanaí, ní mór na trialacha a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

In 2025, d'osclaíomar aonad tiomnaithe chun trialacha Gaeilge a fhorbairt. Cé go n-aithnímid nach mbeidh sé indéanta ár dtrialacha go léir a chur ar fáil i nGaeilge le linn shaolré na straitéise seo, tá sé mar aidhm againn tógáil ar ár gcumas trialacha Gaeilge a fhorbairt chun a chinntiú go gcuirtear soláthar trialacha Gaeilge san áireamh i ngach tionscadal forbartha trialacha amach anseo. Leanfaidh an FTO ag cur trialacha ar fáil tríd ár n-ardán trialacha ar líne, áit a bhfuil tástáil ar líne oiriúnach don spriocdhaonra.

Le linn thréimhse na straitéise seo, cuirfidh an FTO roinnt sruthanna oibre forbartha trialacha chun cinn. Cinnteoidh cur chuige straitéiseach agus inbhuanaithe i leith fhorbairt trialacha go bhfanfaidh ár dtrialacha ábhartha, go gcomhlíonfaidh siad riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus go mbeidh ar ár gcumas ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach inár nOrdú Bunaithe (SI 392/2015) agus i gClár Rialtais 2025. Ionas gur féidir a leithéid a dhéanamh, beidh feidhm ag na prionsabail seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí forbartha trialach atá idir lámha agus a tharlóidh amach anseo:

| Prionsabail maidir le forbairt trialacha | |
|---|---|
| 1 | Ní mór tionscadail forbartha trialacha a bheith inbhuanaithe, agus trialacha a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go ndéanann siad measúnú cruinn ar chaighdeáin chomhaimseartha gnóthachtála agus go léiríonn siad athruithe i gcuraclam agus riachtanais na bpáirtithe leasmhara atá ag teacht chun cinn. |
| 2 | Forbraítear trialacha caighdeánaithe agus critéir-thagartha ar mhaithe le bailíocht agus iontaofacht a uasmhéadú. |
| 3 | Forbróimid agus foilseoimid trialacha i nGaeilge agus i mBéarla araon, agus déanfar leaganacha do gach teanga a nuashonrú chomh minic céanna nó, más ionann ábhar na dtrialacha, tarlóidh an fhorbairt ag an am céanna. |
| 4 | Más cuí, forbróimid trialacha do fhormáidí ar líne agus ar pháipéar araon. |
| 5 | Forbróimid trialacha caighdeánaithe atá cuí ó thaobh cultúir de agus atá oiriúnaithe do shaolta agus leasanna éagsúla phobal na ndaltaí in Éirinn. |
| 6 | Beimid gafa le páirtithe leasmhara agus saineolaithe maidir le tosaíochtaí forbartha trialacha chomh maith le dearadh agus ábhar na dtrialacha. |

## Trialacha scagtha agus diagnóiseacha

Faoi láthair, tá obair fhorbartha idir lámha ag an FTO ar roinnt trialacha scagtha agus diagnóiseacha. Tá tús curtha le hobair athfhorbartha ar **Thrialacha Luathlitearthachta (DTEL) agus Luathuimhearthachta (DTEN) Dhroim Conrach**. Déanann na trialacha scagtha seo, a bhí ar fáil den chéad uair in 2010, measúnú ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta i measc daltaí ag deireadh na Naíonán Sinsearacha agus ag tús Rang a hAon. Déantar trialacha leantacha a riaradh ina n-aonar ar dhaltaí nach sroicheann scór tairsí ar ghné scagtha na trialach. Beidh leaganacha páipéir na dtástálacha ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge in earrach na bliana 2028.

I gcomhpháirt leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), tá an FTO ag leathnú na trialach **Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile - Béarla (PPAD-E)** chun scoláirí Bhliain a Trí a chur san áireamh. Tá an triail, a dhéanann measúnú ar litearthacht an Bhéarla i bhformáid pháipéir, ar fáil lena húsáid le scoláirí Bhliain a hAon ó 2019 agus beidh sí ar fáil don Bhliain a Trí i bhfómhar na bliana 2026. Tá leagan comhionann Gaeilge den triail – **Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil Ghaeilge (MDLI-G)** – ar fáil lena húsáid sa Chéad agus sa Tríú Bliain ó 2025.

## Trialacha caighdeánaithe ag leibhéal na bunscoile

Tá ár dtrialacha caighdeánaithe litearthachta Gaeilge ar leibhéal na bunscoile á athfhorbairt ag an FTO freisin. Beidh an leagan nua den **Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G)** ar fáil do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, agus beidh **Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Rialta (TGD-R)** nua ar fáil do scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla, go luath in 2028 i bhformáid pháipéir, agus ar líne bliain ina dhiaidh sin. Déanann na trialacha seo measúnú ar léitheoireacht agus éisteacht do dhaltaí ó Rang a Dó go Rang a Sé.

Cuirfidh an FTO tús leis an bpróiseas chun na trialacha **Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach (DPRT)** agus **Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach (DPMT)** a athfhorbairt agus a athnoirmiú le linn thréimhse na straitéise seo. Déanfar athbhreithniú ar na trialacha seo, a bhfuarthas noirm dóibh go deireanach in 2018, chun léiriú breise a thabhairt ar churaclaim teanga agus

matamaitice reatha ag leibhéal na bunscoile. Déanfar obair fhorbartha ar **Triail Litrithe Dhroim Conrach (DST)**, lena n-áirítear leagan do scoileanna lán-Ghaeilge, le linn thréimhse na straitéise seo freisin.

Seo iad gníomhaíochtaí forbartha trialacha an FTO don tréimhse ama 2026 go 2030:

| Triail | Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla | Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge |
|---|---|---|
| Measúnú Iar-Bhunscoile agus trialacha Diagnóiseacha | Le foilsiú ar pháipéar R4 2026 | MDLI-G foilsithe i R4 2025 |
| Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach | Le foilsiú ar pháipéar R1 2028 | Le foilsiú ar pháipéar R1 2028 |
| Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach | Le foilsiú ar pháipéar R1 2028 | Le foilsiú ar pháipéar R1 2028 |
| Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach | Le foilsiú ar pháipéar in 2028<br>Le foilsiú ar líne in 2029 | Le foilsiú ar pháipéar in 2028<br>Le foilsiú ar líne in 2029 |
| Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach | Forbairt le tosú in 2026 | NB |
| Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach | Forbairt le tosú in 2027 | Forbairt le tosú in 2027 |
| Trialacha Litrithe Dhroim Conrach | Forbairt míreanna le tosú in 2026 | Forbairt míreanna le tosú in 2026 |

## Gníomhaíochtaí taighde eile

Mar aon leis an obair thuasluaite, tá taithí le fada ag an FTO ar thacaíocht a thabhairt don Roinn Oideachais agus Óige trí ghníomhaíochtaí meastóireachta agus monatóireachta, chomh maith le tacaíocht anailíseach agus modheolaíoch a sholáthar do chláir shonracha. Le blianta beaga anuas, bhí meastóireacht ar chlár DEIS agus ar Scéim Aitheantais Scoileanna na nGaeltachtaí san áireamh, chomh maith leis an obair leanúnach ar an Múnla Leithdháilte Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOS) do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a ríomh.

Tá an FTO ag súil le leanúint dá rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus Óige maidir leis an Múnla Leithdháilte MOS a fhorbairt mar aon le riachtanais mheasúnaithe agus monatóireachta atá ag teacht chun cinn. Leanfaidh an Foras ag cur tacaíocht taighde agus anailíseach ar fáil don Roinn freisin, ag cur lena chumas

agus a phróisis taighde inmheánaigh, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ghníomhach sa Ghrúpa Stiúrtha um Thaighde, Beartas agus Cleachtas agus trí thacaíocht a thabhairt dó. Trí na hiarrachtaí seo le chéile, tá sé mar aidhm ag an FTO an bonn fianaise le haghaidh cinnteoireachta a neartú agus úsáid éifeachtach taighde i mbeartas agus i gcleachtas oideachais a chur chun cinn.

Mar aon le Clár Oibre a comhaontaíodh leis an Roinn Oideachais agus Óige, tacaíonn an FTO lena fhoireann freisin chun páirt a ghlacadh in obair thaighde neamhspleách, lena n-áirítear staidéir taighde iarchéime a dhéanamh, chomh maith le bheith gafa leis an bpobal taighde níos leithne trí ionchuir in iriseáin acadúla, i gcomhdhálacha agus in obair i gcomhar le taighdeoirí eile. Cothaíonn an obair sin forbairt ghairmiúil foirne, cuireann sí idirphlé criticiúil chun cinn i réimse an oideachais agus cuireann sí le bunachar eolais níos leithne sa taighde oideachais a chur chun cinn. Leanfaidh an FTO de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara oideachais freisin maidir lena riachtanais taighde agus, faoi réir acmhainní agus laistigh de phlean oibre comhaontaithe, féadfar tograí a mheas le haghaidh tionscnaimh taighde nua atá ag teacht le saineolas na foirne agus le tosaíochtaí taighde an Fhorais.

Foilsíonn an FTO an Irish Journal of Education (IJE) freisin, iris piarmheasúnaithe oscailte a sholáthraíonn ardán chun taighde oideachais ardchaighdeáin a scaipeadh agus idirphlé acadúil a chur chun cinn. Is iad baill d’fhoireann an FTO atá ar Bhord Eagarthóireachta an IJE. Feidhmíonn taighdeoirí an FTO go rialta mar athbhreithneoirí d’aighneachtaí IJE, chomh maith lena gcuid oibre féin a chur ar fáil le breithniú don iris.

## Rannpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta

Trínár rannpháirtíocht i staidéir mhórscála idirnáisiúnta ar ghnóthachtáil agus i bpobal measúnaithe, taighde agus anailíse níos leithne, glacann foireann an FTO páirt i ngrúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta éagsúla bainteach le hoideachas, measúnú, taighde agus anailís. Cinntíonn an rannpháirtíocht seo go bhfuil rochtain ag foireann an FTO ar shaineolas agus ar dhea-chleachtas i modheolaíocht agus in anailís oideachais, measúnaithe agus taighde, agus go bhféadann siad cur leis. Tá súil ag an FTO go leanfaidh an fhoireann dá rannpháirtíocht leis na grúpaí seo a leanas le linn tréimhse na straitéise seo:

- Tionól Ginearálta an Chumainn Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais (IEA).
- Grúpa Forbartha Léitheoireachta PIRLS (IEA).
- Coiste Taighde Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Matamaitice TIMSS (IEA).
- Bord Rialaithe PISA (ECFE).
- Bord Thíortha Rannpháirteacha PIAAC (ECFE).
- Pobal ríomh-mheasúnaithe FLIP+.
- Líonra Náisiúnta Anailísithe Sonraí.

# Gnóthaí Taighde

Baineann cuid mhór de ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha trialacha an FTO le sonraí a bhailiú ó shamplaí móra daltaí, ionadaíoch go náisiúnta, laistigh de shuíomhanna oideachais. Roghnaítear daltaí nó grúpaí ranga go randamach ó mheascán scoileanna a roghnaítear go minic de réir méide, a suímh, cineáil, agus/nó inscne agus comhdhéanamh socheacnamaíoch. Go hiondúil, bailíonn staidéir an FTO sonraí ó 4,000 dalta ar a laghad i raon 150 go 200 scoil de réir amlínte ar leith agus ina measc bíonn triail phíolótach nó allamuigh ar scála níos lú sa bhliain roimh an bpríomhbhailiúchán sonraí. Tá staidéir an FTO ag bogadh níos mó i dtreo bhailiú digiteach sonraí measúnaithe agus ceistneora agus, nuair is gá, soláthraíonn an FTO gléasanna digiteacha mar aon le pearsanra tacaíochta teicniúla chun tástáil dhigiteach a éascú.

Bíonn gá le hardleibhéal tacaíochta agus comhoibrithe le soláthraithe oideachais agus le comhpháirtithe seachtracha do gach staidéar de chuid an FTO. Chun a chinntiú go gcomhlíonann an FTO a oibleagáidí dlíthiúla agus rialála agus go n-éiríonn go réidh le nósanna imeachta bailithe sonraí agus i gcomhréir le caighdeáin theicniúla tionscadal, leanfaimid orainn ag neartú na gcaidreamh seo trí phróisis a fheabhsú go leanúnach. In 2025, bhunaigh an FTO Aonad Oibríochtaí Taighde nua chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe oibríochtúla coitianta ar fud na dtionscadal, lena n-áirítear cosaint sonraí agus comhordú tionscadail le comhpháirtithe seirbhíse seachtracha. Oibreoidh an t-aonad seo i gcomhar leis an gCeann Taighde, foirne taighde agus feidhmeanna corparáideacha chun próisis oibríochtúla taighde a shruthlíniú agus pleanáil acmhainní a bharrfheabhsú.

# Bainistíocht Sonraí agus Sonraí Oscailte

Tá bainistíocht sonraí ina dhlúthchuid dár ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha trialacha uile. Le linn thréimhse na straitéise seo, bunóimid Aonad Bainistíochta Sonraí a dhéanfaidh próisis bainistíochta agus glantacháin sonraí a shruthlíniú ar fud gach tionscadail taighde agus forbartha trialacha. Áireofar leis seo próisis agus doiciméadaithe glantacháin sonraí a chaighdeánú chun comhroinnt sonraí an FTO le comhpháirtithe seachtracha a éascú.

Forbróimid polasaí Sonraí Oscailte agus Comhroinnte Sonraí freisin ina leagfar amach an chaoi a chomhlíonfaidh an FTO a fhreagrachtaí faoin Treoir um Shonraí Oscailte agus faoin Acht um Rialachas Sonraí AE 2022 (ARS). Sa pholasaí seo leagfar amach an chaoi a shainaithneoidh, a roinnfidh, a fhoilseoidh agus a chuirfidh an FTO tacair sonraí ábhartha ar fáil. Beidh ár n-oibleagáidí cosanta sonraí i gcroílár na bpróiseas bainistíochta agus comhroinnte seo. In 2026 cuirfimid sonraí ó mheasúnuithe mórscála éagsúla ar fáil trí https://data.gov.ie.

# Taighde le haghaidh beartais agus cleachtais

Chun tionchar suntasach a bhaint amach, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag taighde a bheith mar bhonn eolais do bheartas agus do chleachtas araon. Bíonn taighdeoirí an FTO gafa go rialta le lucht déanta beartas trína gcoistí comhairleacha náisiúnta, chomh maith lenár rannpháirtíocht sna grúpaí seo a leanas de chuid na Roinne Oideachais agus Óige:

| Ballraíocht an FTO i nGrúpaí na Roinne Oideachais agus Óige |
|---|
| Grúpa Comhairleach DEIS |
| Grúpa Teicniúil DEIS |
| Coiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta |
| Grúpa Stiúrtha um Chur i bhFeidhm na Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití |
| Grúpa Stiúrtha um Thaighde, Beartas agus Cleachtas |
| Grúpa Oibre um Thorthaí do Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu |
| Coiste Eitice na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) |

Leanfaidh taighdeoirí an FTO orthu ag plé le lucht déanta beartas, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, nuair a bhíonn aschuir taighde á bpleanáil acu, chun a chinntiú go soláthraíonn taighde an Fhorais treoir inghníomhaithe atá ábhartha don bheartas. Chun raon feidhme ár dtaighde a uasmhéadú, agus chun tuiscint níos fearr ar ár gcuid oibre a chothú i measc scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, cinnteoimid go scaipfear ár gcuid oibre i bhformáid inrochtana agus intuigthe tríd ár suíomh gréasáin mar aon le bealaí traidisiúnta agus bealaí meán sóisialta. Spreagfaimid taighdeoirí an FTO freisin chun bolscaireacht a dhéanamh ar ár gcuid oibre trí chomhdhálacha agus irisí múinteoirí, ceannairí scoile agus acadúla.

# Spriocanna

Thar thréimhse na straitéise taighde seo, beidh sé mar aidhm againn ceithre sprioc taighde a bhaint amach:

| | |
|---|---|
| **Sprioc 1** | Seirbhís taighde agus measúnaithe éifeachtach agus ardchaighdeáin a sholáthar a chothaíonn nuálaíocht agus a thugann suíomh ceannaireachta don FTO ina réimse. |
| **Sprioc 2** | Torthaí taighde a scaipeadh go tráthúil agus go spriocdhírithe a chuireann eolas agus léargais ábhartha chun cinn dár bpáirtithe leasmhara. |
| **Sprioc 3** | Aonad Bainistíochta Sonraí a bhunú chun nósanna imeachta bainistíochta sonraí a shruthlíniú ar fud na dtionscadal taighde agus forbartha trialacha uile. |
| **Sprioc 4** | Fanacht mar údarás ceannródaíoch i seirbhísí tacaíochta measúnaithe in Éirinn, trí chur chuige straitéiseach, inbhuanaithe agus nuálaíocht a chur i bhfeidhm maidir le forbairt trialacha. |

**Sprioc 1** – Seirbhís taighde agus measúnaithe éifeachtach agus ardchaighdeáin a sholáthar a chothaíonn nuálaíocht agus a thugann suíomh ceannaireachta don FTO ina réimse.

Chun an aidhm seo a bhaint amach, déanfar:

- An tAonad Oibríochtaí Taighde nuabhunaithe a leabú inár dtionscadail taighde chun ár bpróisis agus ár gcórais a shruthlíniú le scoileanna agus le comhpháirtithe.
- Clár forbartha gairmiúla leanúnaí inmheánach agus seachtrach a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach ball foirne taighde ar na scileanna anailíseacha, teicniúla agus taighde ábhartha, lena n-áirítear scileanna Gaeilge, chun tacaíocht taighde agus measúnaithe a mbíonn tionchar acu a sholáthar.
- Teagmhálacha le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an ECFE, an IEA, FLIP+ agus comhlachtaí agus grúpaí ábhartha na Roinne

Oideachais agus Óige, chun a chinntiú go bhfuil ár bhfoireann taighde ar an eolas faoi fhorbairtí agus nuálaíochtaí reatha i dtírdhreach beartais, taighde agus measúnaithe an oideachais.

**Sprioc 2** – Torthaí taighde a scaipeadh go tráthúil agus go spriocdhírithe a chuireann eolas agus léargais ábhartha chun cinn dár bpáirtithe leasmhara.

Chun an aidhm seo a bhaint amach, déanfar:

- Ó thús staidéir, straitéis tuairiscithe a chomhaontú leis an gcomhlacht agus leis na comhpháirtithe urraíochta, atá ag teacht le hamlíne an staidéir agus a thugann aghaidh ar thosaíochtaí i mbeartas oideachais.
- Oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne taighde maidir le teicnící léirshamhlú sonraí, grafaicí, scileanna cur i láthair agus meán chun scaipeadh torthaí a éascú trí na meáin thraidisiúnta agus shóisialta mar aon le trí chomhdhálacha, irisí agus irisleabhair cheannairí scoile, múinteoirí agus acadúla.
- Aiseolas spriocdhírithe a sholáthar do scoileanna ar thorthaí ár gcuid staidéir, ag cinntiú lán-chomhlíonadh le reachtaíocht um chosaint sonraí agus le beartais slándála sonraí ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta.

**Sprioc 3** – Aonad Bainistíochta Sonraí a bhunú chun nósanna imeachta bainistíochta sonraí a shruthlíniú ar fud na dtionscadal taighde agus forbartha trialacha uile.

Chun an aidhm seo a bhaint amach, déanfar:

- Clár nósanna imeachta caighdeánaithe bainistíochta sonraí a fhorbairt ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar fud gach tionscadail taighde agus forbartha trialacha agus a ndéanfaidh bainisteoirí sonraí iad a athbhreithniú go rialta.
- Oiliúint bainistíochta sonraí a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fud na dtionscadal taighde agus forbartha trialacha, ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Áireofar leis seo oiliúint ar rialachas sonraí, glanadh sonraí, litearthacht IS agus bainistíocht sonraí a bhaineann go sonracha le staidéir.
- Oibríochtaí caighdeánaithe glantacháin sonraí a fhorbairt ar fud na dtionscadal chun comhroinnt sonraí an FTO le comhpháirtithe seachtracha a éascú i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.

**Sprioc 4** – Fanacht mar údarás ceannródaíoch i seirbhísí tacaíochta measúnaithe in Éirinn, trí chur chuige straitéiseach, inbhuanaithe agus nuálaíocht a chur i bhfeidhm maidir le forbairt trialacha.

Chun an aidhm seo a bhaint amach, déanfar:

- Clár forbartha trialacha a chur i bhfeidhm a thugann tús áite d'athbhreithniú rialta ar thrialacha litearthachta agus uimhearthachta chun a chinntiú go leanann siad ag soláthar measúnú cothrom agus úsáideach ar fhoghlaim daltaí.
- A chinntiú go gcuirtear san áireamh soláthar trialacha i nGaeilge i ngach tionscadal forbartha trialacha.
- A chinntiú go bhfuil trialacha ar fáil ar líne, de réir mar is iomchuí.
- Treoir inrochtana a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do scoileanna maidir le húsáid agus léirmhíniú ár dtástálacha, lena n-áirítear úsáid chuí socruithe.

# Dul chun cinn a chur in iúl

Beidh gach páirtí leasmhar in ann ár ndul chun cinn maidir le baint amach ár gcuspóirí, ár spriocanna agus ár dtorthaí straitéiseacha a mheas. Déanfaimid monatóireacht rialta ar ár bhfeidhmíocht maidir leis na spriocanna thuasluaite a bhaint amach agus cuirfear nuashonruithe ar fáil mar chuid dár dTuarascáil Bhliantúil.

# Acrainmneacha agus giorrúcháin

| | |
|---|---|
| IS (AI) | Intleacht Shaorga |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna |
| ARS (DGA) | An tAcht um Rialachas Sonraí |
| DPMT | Triail Matamaitice Bunscoile Dhroim Conrach |
| DPRT | Triail Léitheoireachta Bunscoile Dhroim Conrach |
| DST | Triail Litrithe Dhroim Conrach |
| DTEL | Triail Luathlitearthachta Dhroim Conrach |
| DTEN | Triail Luathuimhearthachta Dhroim Conrach |
| FTO (ERC) | An Foras Taighde ar Oideachas |
| FLIP | An Fhrainc-Lucsamburg-An Iodáil-An Phortaingéil |
| IEA | An Cumann Idirnáisiúnta um Mheasúnú ar Ghnóthachtáil Oideachais |
| MDLI-G | Measúnú agus Diagnóisic Litearthachta don Iar-bhunscoil Ghaeilge |
| NAMER | Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla |
| SNSO (NEPS) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| ECFE (OECD) | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| PIRLS | Staidéar Idirnáisiúnta ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta |
| PISA | Clár Measúnaithe Idirnáisiúnta Scoláirí |
| PPAD-E | Measúnú agus Diagnóis Iar-Bhunscoile – Béarla |
| MOS (SET) | Múinteoir Oideachais Speisialta |
| IR (SI) | Ionstraim Reachtúil |
| ETIM (STEM) | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| TGD-G | Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge |
| TGD-R | Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Scoileanna Rialta |
| TIMSS | Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta |

Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

**Foras Taighde ar Oideachas, Campas Choláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, D09 AN2F**

Educational Research Centre, St Patrick's College Campus, Drumcondra, Dublin 9, D09 AN2F

www.erc.ie